# Ar thaitin an tsaoire leo?

**Éist le ceathrar ag caint faoin tsaoire a bhí acu.**

**Líon isteach an ghreille thíos.**

**Ní gá abairtí iomlána a scríobh.**

| | Áit | Lóistín | Aimsir | Tuairimí faoin tsaoire |
|---|---|---|---|---|
| Mícheál | | | | |
| Orla | | | | |
| Sophie | | | | |
| Lorcán | | | | |

# Ar thaitin an tsaoire leo? - Cén grád?

**Is múinteoir tú. Seo thíos na freagraí a scríobh daltaí i scrúdú le déanaí. Léigh na freagraí. Bronn grád ar na freagraí. Ar luadh nó ar úsáideadh na heilimintí seo a leanas?**

- **briathra éagsúla**
- **aidiachtaí éagsúla**
- **réimíreanna**
- **áit**
- **lóistín**
- **aimsir**
- **daoine**
- **bia**
- **áiseanna**

**Bain úsáid as an ngreille chun na gráid a bhronnadh.**

✔ **tic - luadh nó úsáideadh na heilimintí.**

**X - níor luadh nó úsáideadh na heilimintí.**

| | Mícheál | Orla | Sophie | Lorcán |
|---|---|---|---|---|
| briathra éagsúla | | | | |
| aidiachtaí éagsúla | | | | |
| réimíreanna | | | | |
| áit | | | | |
| lóistín | | | | |
| aimsir | | | | |
| daoine | | | | |
| bia | | | | |
| áiseanna | | | | |
| **Grád** | | | | |

# Ar thaitin an tsaoire leo?
# Cén grád?

**Micheál:** Bhí mé sa Spáinn ar laethanta saoire i mbliana. Bhí an aimsir an-te ar fad. Chuaigh mé ann le mo dheirfiúr agus d'fhan muid in árasán. Bhí áiseanna maithe sa cheantar – thaitin an áit go mór liom. Bhí na daoine an-chairdiúil agus thaitin bia na Spáinne go mór liom - bhí sé an-deas ar fad.

*Grád*____________

**Orla:** Bhí mé i Meiriceá ar saoire i mbliana le m'fhear céile. Chaith muid seachtain i mBostún agus d'fhan muid in óstán an-deas ansin i lár na cathrach. Bhí an aimsir an-fhuar ach níor chuir sé sin isteach nó amach orainn. Chuaigh mé ag siopadóireacht agus cheannaigh mé a lán éadaí do na páistí. Bhí an bia agus an lóistín saor go leor. Thaitin an tsaoire go mór liom agus ba bhreá liom dul ar ais an bhliain seo chugainn.

*Grád*____________

**Sophie:** Bhí mé sa Ghréig ar saoire i mí Iúil. Bhí an aimsir go hálainn - bhí sé te agus grianmhar gach lá. D'fhan muid i dteach lóistín. Bhí sé ciúin agus glan agus bhí na seomraí go deas. Chuaigh mé ansin le mo chara. Bhí an áit ceart go leor ach ní raibh an bia go deas.

*Grád*____________

**Lorcán**: Bhí mé i gCeanada ar saoire i mbliana le mo bhean chéile. Bhí sé fuar agus bhí sé ag cur sneachta. D'fhan muid i dteach lóistín. Ní raibh an lóistín ródheas ach bhí an áit féin go hálainn agus thaitin sé go mór linn.

*Grád*____________